



BEARTAS SÓISIALTA AGUS FOSTAÍOCHTA: PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

A bhuíochas leis an lánpháirtíú Eorpach tá forbairtí suntasacha sóisialta tarlaithe i gcaitheamh na mblianta. Ar na samplaí is déanaí bhí dearbhú Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a athdhearbhíonn gealltanas AE maidir lena áirithiú go mbeidh dálaí maireachtála agus oibre níos fearr ann ar fud na hEorpa.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagail 9, 10, 19, 45-48, 145-150 agus 151-161 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

CUSPÓIRÍ

Cur chun cinn na fostaíochta, dálaí maireachtála agus oibre feabhsaithe, cosaint shóisialta chuí, idirphlé idir na comhpháirtithe sóisialta, forbairt acmhainní daonna d'fhonn buanleibhéal ard fostaíochta a bhaint amach agus comhrac in aghaidh an eisiaimh, is iad sin na cuspóirí comhchoiteanna atá ag an Aontas agus a chuid Ballstát sna réimsí sóisialta agus fostaíochta – mar a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 151 CFAE.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Ó Chonradh an Róimhe go dtí Conradh Maastricht

Chun deis a thabhairt d'oibrithe agus dá dteaghlaigh lánbhuntáiste a bhaint as an gceart chun saorghluaiseachta ar fud an chómhargaidh agus fostaíocht a lorg ann, foráladh i gConradh na Róimhe go ndéanfaí comhordú ar chórais slándála sóisialta na mBallstát. Chumhdaigh sé sin prionsabal an phá chomhionann d'fhir agus do mhná, ar aithin an Chúirt Bhreithiúnais é mar phrionsabal a bhí infheidhme go díreach, agus leis sin foráladh do Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) ([2.3.2](#)) a bhunú.

Leis an Ionstraim Eorpach Aonair (IEA) tugadh isteach forálacha maidir le comhchuíbhiú na ndálaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair. Ag gníomhú di trí thromlach cáilithe i gcomhar leis an bParlaimint, ghlac an Chomhairle roinnt Treoracha inar leagadh síos na ceanglais íosta sa réimse sin. D'fhág IEA freisin go raibh sé indéanta do na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal Eorpach comhaontuithe cómhargála a chaibidliú agus bunaíodh beartas eacnamaíoch agus sóisialta an Chomhphobail.

Mhéadaigh an chomhthoil i dtaobh an ghá a bhí le haird níos mó a thabhairt ar na gnéithe sóisialta a bhí bainteach leis an margadh inmheánach a thabhairt chun



críche. Tar éis díospóireachtaí fada, ghlac Cinn Stáit nó Rialtais 11 Bhallstát (ach gur roghnaigh an Ríocht Aontaithe fanacht as an gcinneadh) Cairt an Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe (An Chairt Shóisialta ag an gCruinniú Mullaigh a bhí ar siúl in Strasbourg i mí na Nollag 1989.

B. Ó Chonradh Amstardam go dtí Conradh Liospóin

Maidir leis an staid amscaí de bhunús dlí dúbailte a bhí ann ó roghnaigh an Ríocht Aontaithe fanacht as an gComhaontú, fuarthas réiteach air le síniú Chonradh Amstardam nuair a chomhaontaigh na Ballstáit go léir, chomh maith leis an Ríocht Aontaithe (tar éis athrú rialtais) go ndéanfaí an Comhaontú maidir le Beartas Sóisialta a thabhairt isteach i dtéacs Chonradh CE le roinnt athruithe beaga (Airteagail 151-161 CFAE). In Airteagal 153, tháinig nós imeachta na comhchinnteoireachta in ionad an chomhair agus leathnaíodh na forálacha a bhain le Ciste Sóisialta na hEorpa (2.3.2), saorghluaiseacht oibrithe agus slándáil shóisialta d'oibrithe imirceacha sa Chomhphobal (2.3.4). Thug Airteagal 19 (nua) an chumhacht don Choimisiún go mbeadh sé ar a chumas 'gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach'. Ar an mbonn sin, ba ghearr gur glacadh dhá Threoir: Treoir 2000/43/CE maidir le cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, agus Treoir 2000/78/CE maidir le creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha.

I gConradh Amstardam freisin rinneadh cur chun cinn ar ardleibhéal fostaíochta a áireamh i measc chuspóirí AE agus cuireadh an fhreagracht ar CE tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát sa réimse seo, agus na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú, ar mhaithe le comhar eatarthu a spreagadh agus le 'straitéis chomhordaithe', eadhon Straitéis Fostaíochta na hEorpa (SFE) (Airteagail 145-150 CFAE), a fhorbairt a bheadh bunaithe ar mhodh oscailte an chomhordaithe (MOC) (2.3.3).

Sa bhliain 2000 freisin, rinneadh Cairt um Chearta Bunúsacha AE, arna dhréachtú ag Coinbhinsiún speisialta, a ghlacadh ag Cruinniú Mullaigh Nice. Cruthaíodh Coiste um Chosaint Shóisialta chun comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún (Airteagal 160 CFAE) maidir le beartais um chosaint shóisialta a chur ar aghaidh, ach diúltaíodh do na moltaí go léir go ndéanfaí nós imeachta na comhchinnteoireachta a leathnú.

I bhfianaise athbhreithniú meántearma Straitéis Liospóin in 2005, rinneadh na treoirlínte fostaíochta a glacadh mar chuid de SFE, a ionchorprú sna treoirlínte lánpháirtithe le haghaidh fáis agus post.

In 2005, glacadh clár oibre sóisialta nua don tréimhse 2006-2010 chun go mbeadh sé ag gabháil le hathsheoladh Straitéis Liospóin. In 2007, cruthaíodh Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) chun tacaíocht a sholáthar d'oibrithe a chaill a bpost mar thoradh ar athruithe i bpatrúin trádála domhanda atá ag athrú (2.3.2).

Síníodh Conradh Liospóin an 13 Nollaig 2007, trína bhféadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i gcomhdhlúthú na gné sóisialta den lánpháirtíú Eorpach. Cuireann an Conradh ar an Aontas Eorpach béim anois ar chuspóirí sóisialta AE, lena n-áirítear lánfhostaíocht agus dlúthpháirtíocht idir na glúnta (Airteagal 3). Tugann Airteagal 6 aitheantas don Chairt um Chearta Bunúsacha mar ghníomh a bhfuil an fheidhm cheangailteach chéanna aige leis na Conarthaí. Tugann an Chairt féin aitheantas do na



'cearta dlúthpháirtíochta', mar a thugtar orthu, amhail an ceart atá ag oibrithe faisnéis a fháil agus comhairliúchán a dhéanamh, chomh maith leis na cearta i leith cómhargála, dálaí oibre cothroma agus córa, slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta. Tugadh isteach clásal sóisialta cothrománach in CFAE, ag ceangal ar AE na cuspóirí sóisialta thuasluaite a chomhlíonadh agus é ag sainiú agus ag cur chun feidhme a bheartas agus a ghníomhaíochtaí (Airteagal 9).

C. Forbairtí ó Chonradh Liospóin i leith

Arna ghlacadh in 2010 nuair a bhí géarchéim airgeadais agus eacnamaíoch ann, leagann an straitéis 'Eoraip 2020' amach go bhfuil fás cuimsitheach – geilleagar ardghostáíochta a chothú a sholáthraíonn comhtháthú sóisialta agus críochach – mar cheann dá cuid réimsí tosaíochta. Leagann an straitéis amach freisin cúig thargaid ceannlíne, lena n-áirítear cuspóir sóisialta ar leith (20 milliún duine a shaoradh ón mbaol bochtaineachta faoi 2020) agus tiomantas athnuaite i leith na fostaíochta (targaid de 75% fostaíochta don aoisghrúpa 20-64). Cuireadh seacht dtionscnaimh shuaitheanta ar bun chun cabhrú leis na targaidí sin a ghnóthú. Áirítear ina measc An Clár Oibre do Scileanna Nua agus do Phoist, a dhíríonn ar athchóiriú a dhéanamh ar bheartais solúbthachta; An Óige ag Bogadh a ceapadh chun feabhas a chur ar shoghluaiseacht agus ar oideachas agus oiliúint; agus an tArdán Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2.3.9). Tá an dul chun cinn ar na tionscnaimh sin á fhaire laistigh de thimthriall bliantúil rialachas eacnamaíoch AE: an Seimeastar Eorpach. Mar fhreagairt ar an leibhéal bochtaineachta atá ag méadú, bunaíodh an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (CCED). Soláthraíonn an ciste sin cúnamh le haghaidh bia agus ábhar bunúsach, mar aon le foráil do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuimsiú sóisialta.

An 26 Aibreán 2017, mar bhealach chun Eoraip níos cothroime agus níos sóisialta a thógáil, thíolaic an Coimisiún teachtaireacht maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, ina leagtar amach 20 prionsabal agus ceart lárnach chun tacú le próiseas athnuaite de chóineasú ionsar dálaí maireachtála agus oibre níos fearr san Eoraip. Tá siad sin struchtúrtha timpeall ar thrí chatagóir: (i) comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, (ii) dálaí oibre cothroma, agus (iii) cosaint agus cuimsiú sóisialta. Ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Gothenburg i mí na Samhna 2017, chuir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach agus an Coimisiún a dtiomantas aontaithe i dtreis trí chomhdhearbhú maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a ghlacadh. Tá roinnt tionscnamh reachtach agus neamhreachtach ann, i réimsí amhail an ceart chun faisnéise agus chun comhairliúcháin atá ag oibrithe, rochtain ar chosaint shóisialta agus an cóimheá oibre agus saoil, atá ina dtaca leis an gcur chun feidhme. Tá 'scórchlár sóisialta' ag gabháil leis an gColún Sóisialta chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn (2.3.9), mar aon le cur chuige nua chun na tosaíochtaí sóisialta a phríomhshruthú isteach sna beartais go léir, amhail an Plean Infheistíochta don Eoraip agus an tAontas Fuinnimh. De bhreis air sin, an 20 Meitheamh 2019 ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Rialachán 2019/1149 lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach Saothair, a bhfuil a shuíomh aige sa Bhrataisláiv. A phríomhchuspóir ná faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú rialacha saothair AE.

Chomh maith leis sin, an 20 Meitheamh 2019, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Treoir 2019/1158/ maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do



chúramóirí. An aidhm atá leis na forálacha nua ná feabhas breise a chur ar an gcomhionannas idir fir agus mná sa mhargadh saothair.

Ar an lá céanna, tháinig Treoir 2019/1152 maidir le dálaí trédhearcacha agus intuartha oibre i bhfeidhm. Is é is aidhm dó sin ná tacar bunúsach de chearta nua a sholáthar d'oibrithe — arna sainiú mar dhaoine nádúrtha a chuireann seirbhísí ar fáil ar feadh tréimhse ama áirithe le haghaidh agus faoi stiúir duine eile chun luach saothair a thuilleamh — amhail an ceart chun faisnéis níos sonraí a fháil maidir le gnéithe riachtanacha dá gcuid oibre; teorainn a shocrú d'fhad tréimhsí promhaidh ag tús poist; deiseanna breise a sholáthar chun tuilleadh fostaíochta a lorg trí chosc a chur le clásail eisiachais; réamhfhógra a thabhairt maidir leis na huaireanta tagartha agus oiliúint éigeantach a chur ar fáil saor in aisce.

De bhreis air sin, an 8 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle an moladh maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe. Is é is aidhm dó sin ná bearnaí cumhdaigh foirmiúla a dhúnadh trína chinntiú gur féidir le hoibrithe agus le daoine féinfhostaithe a oibríonn i ndálaí inchomparáide a beith ina rannpháirtithe i gcórais chomhfhreagracha slándála sóisialta. Ar cheann dá mholtaí, freisin, tá éascú a dhéanamh ar an aistriú teidlíochtaí slándála sóisialta ó phost amháin chuig an gcéad phost eile.

Chuir Uachtarán nua an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, i dtreis in 2019 go bhfuil an Coimisiún nua tiomanta de forbairt bhreise a dhéanamh ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. An 26 Feabhra 2020, d'eisigh a hinstiúid togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Cé gur ról a bhí go hiomlán comhairleach agus maoirseach a bhí ag an bParlaimint le fada, bhí sí gníomhach i gcónaí i bhforbairt ghníomhaíocht AE i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta. Ó na céimeanna luatha den lánpháirtíú Eorpach, ba mhínic a d'iarr an Parlaimint go mbeadh beartas níos gníomhaí ann sa réimse sóisialta ionas go mbeadh sé ina léiriú ar an tábhacht mhéadaithe a bhí leis an Aontas sa réimse eacnamaíochta, agus thacaigh an Parlaimint leis na tograí éagsúla ón gCoimisiún sa réimse sin. Ba mhó an pháirt a bhí ag an bParlaimint san ullmhúchán do Chonradh Amstardam ná a bhí aici sna hathbhreithnithe a rinneadh roimhe sin ar na Conarthaí, agus tá roinnt nuálaíochtaí tábhachtacha sa Chonradh sin a léiríonn moltaí na Parlaiminte, amhail an Comhaontú Sóisialta a ionchorprú ann agus caibidil ar an bhfostaíocht a chur isteach ann.

Ag tráth Straitéis Liospóin, d'áitigh an Parlaimint gur cheart go mbeadh ról ag ceisteanna fostaíochta agus sóisialta sa leagan amach a bheadh ar na straitéisí fáis a bhí le cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Mheabhraigh sí go raibh ardleibhéal de chosaint shóisialta lárnach do Straitéis Liospóin agus mheas sí nach bhféadfaí glacadh leis go mbeadh daoine ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta nó i riocht ina mbeidís eisiata go sóisialta. Bhí an Parlaimint den tuairim freisin nach ndearna Straitéis Liospóin targaidí ceangailteacha sa réimse sóisialta, a bhí sách láidir a leagan síos agus d'iarr sí ar na Ballstáit dlúthfhairteachán a dhéanamh ar an tionchar fostaíochta agus sóisialta a bheadh ag



na hathchóirithe a bhí á gcur chun feidhme mar chuid de straitéis Eoraip 2020. Ar an gcuma chéanna, ceann de na teachtaireachtaí a bhí ag an bParlaimint nuair a bhí plé ar siúl ar an ngéarchéim eacnamaíochta ná gur iarr sí go daingean go mbeadh tiomantas AE ann i leith na samhlacha sóisialta Eorpacha a chaomhnú agus go mbeadh Eoraip shóisialta láidir ann.

Ós rud é go ndéantar faireachán agus cur chun feidhme ar thargaidí ceannlíne straitéis Eoraip 2020 mar chuid de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh, tá an Pharlaimint ag áitiú arís agus arís eile go ndéanfaí spriocanna fostaíochta agus sóisialta a ionchorprú níos éifeachtaí sa Seimeastar Eorpach, *inter alia* trína chinntiú go mbeadh feidhm cheangailteach ag táscairí sóisialta agus trí tháscairí a leathnú amach chun go gcuimseoidís bochtaineacht leanaí agus obair chuibhiúil, mar shampla.

Ar deireadh, rinne an Pharlaimint cáineadh ar an bhfóras go bhfuil bearta, amhail cláir um choigeartú eacnamaíoch, á ndéanamh lasmuigh den chreat fornáisiúnta. I Márta 2014, dúirt an Pharlaimint gurb iad na hinstitiúidí atá go fírinneach cuntasach ó thaobh an daonlathais de, agus iadsan amháin, ba cheart a bheith ag stiúradh an phróisis pholaitiúil a bhaineann leis na cláir um choigeartú a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcás tíortha a bhfuil mórdheacrachtaí airgeadais acu.

Léirigh an Pharlaimint freisin a dhiongbháilte atá sí do luachanna sóisialta trína chinneadh cén úsáid a bhainfí as acmhainní airgeadais a thagann as buiséad AE. Don chlárthréimhse reatha 2014-2020, is a bhuíochas don Pharlaimint go bhfuil 23.1% de chistiú comhtháthaithe iomlán an Aontais leithdháilte chuig Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE, féach freisin [2.3.2](#)) — arb é sin príomhuirlis na hEorpa sa chomhrac in aghaidh na dífhostaíochta agus an eisiaimh shóisialta — agus go mbeidh 20% de leithdháileadh CSE gach Ballstáit le caitheamh ar an gcuimsiú sóisialta.

Ina rún an 25 Feabhra 2016 maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun an cóineasú sóisialta san Aontas a bhrú in airde. D'iarr sí freisin ar an gCoimisiún an coincheap a bhí aige ar chothroime shóisialta a shainmhíniú agus a chainníochtú. Rinneadh iarraidh den chineál céanna uair eile i rún ón bParlaimint an 15 Feabhra 2017.

An 19 Eanáir 2017, ghlac an Pharlaimint rún maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Cé gur cuireadh mórfháilte roimh an tionscnamh ón gCoimisiún sa réimse seo, chuir an rún i dtreis go láidir an tábhacht atá le croíthacar de chearta do chách a fhorfheidhmiú agus iarradh ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar an gCoimisiún oibriú le chéile ar mhaithe le togra le haghaidh creat-treoir maidir le dálaí oibre cuibhiúla a thíolacadh.

An 4 Iúil 2017, ghlac an Pharlaimint rún maidir le dálaí oibre agus fostaíocht fhorbhásach, ag aithint ag an am céanna go bhfuil méadú ar an tóir ar chineálacha neamhchaighdeánacha, neamhghnácha fostaíochta. An 11 Meán Fómhair 2018 ghlac sí rún maidir le hoibrithe atá ag téarnamh ó ghortú agus ó thinneas a athimeascadh i bhfostaíocht ardchaighdeáin.



Ina rún an 13 Márta 2019 maidir leis an Seimeastar Eorpach d'iarr an Pharlaimint ar na Ballstáit moltaí tírshonracha a chur chun feidhme, a áiríonn gnéithe fostaíochta agus sóisialta.

[Aoife Kennedy / Stefan Schulz / Monika Szejna](#)
03/2020

